

MEASÚNÚ RANGBHUNAITHE 1: Duine tiomanta



Duine Tiomanta

In imeacht trí seachtaine, le tacaíocht/treoir ón múinteoir, déanfaidh an scoláire taighde ar dhuine ar imir a chreidimh reiligiúnacha nó a dhearcadh ar an domhan tionchar dearfach ar an saol, san am atá thart nó sa lá atá inniu ann, agus tuairisceoidh sé faoin duine sin.



Beidh na torthaí foghlama ar a ndéanfar measúnú ag brath, a bheag nó a mhór, ar an duine a roghnófar. D'fhéadfadh ábharthacht ar leith a bheith ag baint le Torthaí Foghlama áirithe do Mheasúnú Rangbhunaithe 1: Duine Tiomanta, mar atá leagtha amach thíos.

Expressing Beliefs	<p>1.3. Dul i ngleic le baill de phobal creidimh a bhfuil baint aige le ceann amháin de na cúig mhór-reiligiún dhomhanda a ndéantar staidéar orthu faoin tsonraíocht agus léirtheiscint a thaispeáint maidir leis an gcaoi ina n-imríonn creidimh reiligiúnacha an phobail tionchar ar shaol na mball ó lá go lá</p> <p>1.12 an léargas a fhaightear faoin gcaoi ina gcuireann daoine a gcreidimh, bíodh sin creidimh reiligiúnacha nó eile, in iúl agus ina bhfuil na creidimh sin le feiceáil ina saol, agus machnamh a dhéanamh maidir leis an léargas sin agus é a thabhairt le chéile</p>
Exploring Questions	<p>2.8 scéalta daoine aonaracha nó grúpaí daoine a chur i láthair ó stair dhá cheann de mhór-reiligiúin an domhain a raibh tionchar dearfach acu ar shaol daoine mar gheall ar an tiomantas a bhí acu maireachtáil de réir a gcreideamh</p>
Living our Values	<p>3.1scrúdú a dhéanamh ar fhoinsí difriúla luachanna agus ar na bealaí difriúla ina n-imríonn luachanna duine tionchar ar roghanna laethúla, ar chaidrimh, agus ar fhreagracht an duine as daoine eile</p> <p>3.2machnamh agus plé a dhéanamh faoi cad atá i gceist le moráltacht, faoin bhfáth go gcaithfidh daoine atá ina gcónaí sa tsochaí a bheith morálta agus faoi na tionchair agus na foinsí údaráis is cúis le cinnteoireacht mhorálta duine</p> <p>3.9 an léargas a fhaightear ar na gnásanna, luachanna agus príonsabail taobh thiar de chinnteoireacht agus gníomhartha i saol daoine, agus machnamh a dhéanamh maidir leis an léargas sin agus iad a tharraingt le chéile</p>

Bealaí gur féidir duine tiomanta a roghnú

Duine arb eol don scoláire é ag a bhfuil saol tiomanta agus a dhéanann dífear dearfach sa saol ar leibhéal áitiúil, náisiúnta nó idirnáisiúnta.	Bunaitheoir nó ball eagraíochta nó pobail a bhíonn tiomanta do chabhair a thabhairt do dhaoine eile.	Ceannaire reiligiúin nó ceannaire domhanda a d'imir tionchar dearfach ar an saol.	Duine le creideamh atá nasctha le ceann de na cúig mhór-reiligiún dhomhanda a ndéantar staidéar orthu faoin tsonraíocht nó a bhaineann le reiligiún mór domhanda eile.	Duine nach gceanglaíonn é féin le haon reiligiún ach a léiríonn tiomantas do dhearcadh ar an domhan agus do luachanna a d'imir tionchar dearfach ar an saol ar leibhéal áitiúil, náisiúnta nó idirnáisiúnta.
---	--	---	--	--